Cód Cleachtais

Cód Cleachtais don tSeandálaíocht aontaithe idir an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus Bonneagar Iompair Éireann

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta,
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

Department of Arts, Heritage,
Regional, Rural and Gaeltacht Affairs

Cód Cleachtais

Griangraf ar an gclúdach:
Tochailtí ag Garraí Mór, Co. an Chabháin roimh athailíniú ar N55 An Chorr Dhubh go Ó Dheas ó Chill Uí Dhúin (Aonad Seirbhísí Comhairle Seandálaíochta)

Meitheamh 2017
Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
Ríomhphost: nationalmonuments@ahg.gov.ie
www.archaeology.ie

Réamhrá an Aire

Mar Aire ar a bhfuil an fhreagracht as oidhreacht seandálaíochta na hÉireann tá an-áthas orm a fheiceáil go bhfuil comhaontú sroichte idir Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) agus Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid mo Roinne maidir leis an gCód Cleachtais seo a chuirfidh tuilleadh feabhais ar ár gcumas ár stair a chaomhnú agus a chosaint.

Seo é an deichiú Cód dá leithéid atá curtha ar bun idir príomhsholáthróirí bonneagair na hÉireann agus an Roinn seo agamsa. Déanann sé nuashonrú ar Chóid roimhe seo a aontaíodh leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród atá cumasctha ó shin chun BIÉ a chruthú. Chuir an cumasc sin deis thráthúil ar fáil freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaontuithe a bhí ann cheana agus chun na comhpháirtíochtaí rathúla a d'fhás a shruthlíniú agus a leabú a thuilleadh, go háirithe ag am inar féidir linn a bheith ag súil le hinfheistíocht athnuaite san fhorbairt ar ár mbonneagar iompair.

Níl aon amhras ach go bhfuil tairbhe chruthaithe leis an gcineál seo de Chód Cleachtais ó cuireadh ar bun iad. D'oibrigh struchtúr na gCód go han-mhaith, ní hamháin chun ár n-oidhreacht seandálaíochta luachmhar a chosaint ach freisin chun aird a dhíriú ar an iliomad suíomhanna agus réada suimiúla atá aimsithe. Trí thorthaí na n-imscrúduithe agus na dtochailtí a rinneadh a fhoilsiú agus a scaipeadh, tá tuiscint agus meas i bhfad níos fearr againn ar ár stair agus ar ár n-ómós áite.

Ag an am céanna, ar ndóigh, bhain BIÉ agus a chomheagraíochtaí tairbhe as bheith ábalta bainistiú a dhéanamh ar impleachtaí seandálaíochta a gclár infheistíochta ar bhealach níos struchtúrtha agus níos straitéisí, agus ar an gcaoi sin moilleanna agus costais fholaithe ionchasacha a sheachaint.

Nuair a bhí an chéad Chód Cleachtais á cur ar bun leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, dúradh go mbíonn an oidhreacht chultúrtha de shíor ag athrú. Léiriú is ea an Cód leasaithe agus nuashonraithe seo ar an dinimic sin agus is léiriú soiléir é ar an gcumas atá ag an dá pháirtí a bheith solúbtha agus ábalta aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ár n-oidhreacht seandálaíochta de réir mar a leanann riachtanais iompair na hÉireann ag fás agus ag forbairt.

Heather Humphreys TD
Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
Meitheamh 2017

Cód Cleachtais -

Réamhrá ó Phríomhfheidhmeannach BIÉ

Tá áthas orm an Cód Cleachtais seo a chomhaontú leis an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, a dhaingníonn agus a leasaíonn téarmaí an dá Chóid a bhaineann leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród (cumasctha anois mar BIÉ). Léiriú is ea an Cód, a d'fhorbair Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus Rannóg Seandálaíochta agus Oidhreachta BIÉ, ar an taithí agus saineolas suntasach a fuarthas ó foilsíodh na cóid bhunaidh.

Is é misean BIÉ bonneagar agus seirbhísí iompair ardchaighdeáin a sholáthar, a chuireann caighdeán beatha níos fearr agus a thacaíonn le fás eacnamaíochta. Chun tacú leis an misean seo cuireann BIÉ an tseandálaíocht san áireamh ar feadh saolré tionscadail.

Le cumasc an Údaráis um Bóithre Náisiúnta agus na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród isteach in BIÉ in 2015, ba thráthúil an t-am é le Cód a fhorbairt a chuireann creat amháin ar fáil chun an tseandálaíocht a bhainistiú thar na dtionscadal uile atá maoinithe ag BIÉ. Beidh buntáiste sa Chód seo do BIÉ agus don Roinn i dtéarmaí an tsimplithe ar phróisis agus nósanna imeachta, agus a bheith ar an eolas faoi thréithe na dtionscadal náisiúnta bóthair agus iompair phoiblí.

Cé go bhfuil tús áite tugtha sa Chód leasaithe seo don phrionsabal go ndéanfaí machnamh ar an tseandálaíocht ó thús tionscadail ar bith, ní hionann sin agus a rá gur féidir gach tionchar ar an tseandálaíocht a scrios nó go gcuirfear na hoibreacha seandálaíochta uile i gcrích sula dtosófar ar an tógáil. Ina áit sin, léiríonn sé an gá le tionchair dá leithéid a bhainistiú agus, a mhéid is féidir, a íoslaghdú. Aithníonn an Cód seo go follasach an tábhacht agus an luach atá le torthaí na hoibre seandálaíochta a dhéantar ar thionscadail BIÉ a scaipeadh agus a dhéanamh inrochtana.

Tá comhaontú an Chóid seo tráthúil i bhfianaise na n-athruithe reachtacha éagsúla ó aontaíodh na Cóid bhunaidh, go háirithe Acht na mBóithre 2015.

Sa deireadh thiar thall, léiriú is ea an Cód seo ar thiomantas BIÉ do chinntiú go ndéanfar acmhainn seandálaíochta na hÉireann a chosaint agus an riachtanas le bonneagar iompair ardchaighdeáin a sholáthar a choinneáil san áireamh.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta chun an Cód nuashonraithe seo a fhorbairt. Tá BIÉ ag tnúth le comhoibriú ar a chur i bhfeidhm.

Micheál O'Nualláin

Micheál Ó Nualláin
Príomhfheidhmeannach BIÉ

Cód Cleachtais don tSeandálaíocht aontaithe idir an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus Bonneagar Iompair Éireann

Is é cuspóir an Chóid seo ná creatlach a sholáthar laistigh den reachtaíocht[1] agus den pholasaí le cur ar chumas BIÉ dul ar aghaidh lena chlár oibre i gcomhréir le straitéis iompair an Rialtais, agus measúnú agus maolú seandálaíochta iomchuí a dhéanamh ag féachaint go cuí do thacar prionsabal agus gníomhartha arna gcomhaontú idir an dá pháirtí.

Faigheann an Cód treoir ó na prionsabail chomhaontaithe seo a leanas:

1. Ní mór do pholasaithe agus cleachtais maidir le cosaint na hoidhreachta seandálaíochta Coinbhinsiún Eorpach um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta (Athbhreithnithe) ('Coinbhinsiún Vaileite') 1992 a chur san áireamh.

2. Tá an tAire freagrach as Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014 a chur i bhfeidhm d'fhonn cosaint chuí ar an oidhreacht seandálaíochta a dheimhniú.

3. Tá BIÉ freagrach as bonneagar agus seirbhísí ardchaighdeáin iompair (tograí BIÉ)[2] a sheachadadh.

4. Glacfaidh BIÉ agus an tAire le cur chuige comhpháirtíochta i dtaca le straitéis iompair an Rialtais agus cosaint chuí ar an oidhreacht seandálaíochta a sholáthar.

5. Mar chomhlacht poiblí ní mór do BIÉ riachtanais an Chóid Chaiteachais Phoiblí a chomhlíonadh, ina leith seo feidhmíonn BIÉ mar:
   - údarás ceadaithe agus gníomhaireacht urraithe dá thionscadail féin (e.g. tionscadail Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí agus ionaid seirbhíse),
   - údarás ceadaithe do thionscadail curtha i bhfeidhm ag údaráis áitiúla (e.g. bóithre),
   - gníomhaireacht urraithe áit a bhfuil eagraíocht eile ina húdarás ceadaithe (e.g. an tÚdarás Náisiúnta Iompair d'iarnród éadrom).

6. Tá impleachtaí suntasacha seandálaíochta ag seachadadh an bhonneagair agus seirbhísí iompair, nach mór déileáil leo i bhfianaise an scéil gur acmhainn neamh-inathnuaite í an oidhreacht seandálaíochta.

7. Tabharfaidh BIÉ maoiniú le haghaidh cur chuige cothrom agus cost-éifeachtúil i dtaca le measúnú agus maolú seandálaíochta mar ghné lárnach de chostais tionscadail ar bhunús an phrionsabail gurb é an forbróir a íocann as agus ag cloí le polasaí foilsithe an Aire ina leith sin.[3]

1 Áirítear sa reachtaíocht Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014, Acht na mBóithre 2015.
2 I gcomhthéacs an Chóid seo is iad tionscadail BIÉ na cinn sin a bhfuil BIÉ ina údarás ceadaithe agus/nó gníomhaireacht urraithe ina leith, agus áiríonn siad aon tionscadail maoinithe ag BIÉ.
3 *Creat agus Prionsabail um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta* (1999) agus *Polasaí agus Treoirlínte i dtaca le Tochailt Seandálaíochta* (1999).

Radharc ón aer ar imfhálú ón mheánaois luath ag Raghnallach, Co. Ros Comáin ar scéim N61 Cúil Taidhg (IAC Archaeology)

8 Forbrófar straitéisí iomchuí a luaithe agus is féidir chun a dhéanamh deimhin de go ndéanfaidh tograí forbartha gach iarracht tionchair ar an tseandálaíocht a sheachaint agus/nó a íoslaghdú, ag tógáil an dea-chleachtais san áireamh i dtaca le dearadh tionscadail, impleachtaí sábháilteachta, costais, srianta comhshaoil agus tionchair eile.

9 Seachas i gcúinsí eisceachtúla, beidh maolú ar thionchair ar sheandálaíocht teoranta do theorainneacha an tionscadail.

10 Forchoimeádann gach páirtí an ceart chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí.

11 Tá an dá pháirtí tiomanta do déileáil le himpleachtaí seandálaíochta na dtionscadal BIÉ ar bhealach cothrom cost-éifeachtúil ag féachaint do:

- riachtanais rialála/reachtúla,
- treoirlínte foilsithe ag an Aire,
- amscála BIÉ chun tionscadail a thabhairt ó phleanáil tosaigh go críoch agus,
- tionchar díreach ar sheandálaíocht a sheachaint, áit ar bith is féidir, agus/nó leibhéal caomhnaithe trí thaifead ar sheandálaíocht a dtéann tionscadail BIÉ i gcion orthu atá inghlactha don Aire.

12 Comhoibreoidh BIÉ agus an tAire lena chinntiú, chomh fada agus is féidir go réasúnta, go ndéantar fiosrú (fiosruithe) seandálaíochta iomchuí roimh thosú na tógála.

Sa chás nach bhfuil sé sin indéanta go réasúnta, forbrófar straitéis seandálaíochta chuí i gcomhairle leis an Aire chun tionchair sheandálaíochta atá ar eolas nó a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú.

13 Aontaíonn an dá pháirtí bualadh lena chéile de réir mar is gá chun oibriú/feidhmiú an Chóid agus aon saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn a phlé.

GNÍOMHARTHA COMHAONTAITHE:

Déanfaidh an tAire (trí Sheirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne):

1. Seandálaí caidrimh a shannadh do thionscadail aonair BIÉ.
2. Páirt a ghlacadh sna tionscnaimh comhairliúcháin reachtúla agus neamhreachtúla (mar is cuí) do thionscadail BIÉ le linn na gcéimeanna pleanála agus dearaidh chun aon saincheisteanna seandálaíochta a thagann chun cinn a phlé.
3. Freagairt do theachtaireachtaí ón Seandálaí Tionscadail ar bhealach tráthúil. Chun éifeachtúlacht a éascú, is é ríomhphost an modh caighdeánach cumarsáide a bheidh ann.
4. Ceadúnais atá de dhíth faoi Alt 26 d'Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014 a phróiseáil laistigh de dhá sheachtain ó iarratas cuí a fháil agus, i gcás iarratas chun déileáil le héigeandálaí ar an láthair, chomh hindéanta agus is féidir, laistigh de dhá lá oibre.
5. Ceadanna/Treoracha ón Aire atá de dhíth faoi Alt 14 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014 a eisiúint laistigh de sé seachtaine ó iarratas cuí a fháil. (Nóta: Áirítear le hAlt 14 tochailtí seandálaíochta agus gach obair a théann i gcion ar shéadchomharthaí náisiúnta).
6. Uimhreacha clárúcháin a eisiúint faoi Cheadanna/Treoracha ón Aire laistigh de sheachtain amháin ó iarratas a fháil más indéanta go praiticiúil agus, i gcás iarratas chun déileáil le héigeandálaí ar an láthair, laistigh de dhá lá oibre.
7. Straitéis seandálaíochta chuí a chomhaontú i gcomhairle le BIÉ sa chás nach bhfuil obair seandálaíochta indéanta roimh thosú na tógála.
8. Aontú gur leor Stiúrthóir Tochailte amháin chun suíomhanna a thochailt áit a mbeidh na suíomhanna i gceist mar chuid de chomhbhraisle suíomhanna scoite, comhtheagmhálach nó cóngarach go maith dá chéile ag féachaint go cuí do mholtaí an tSeandálaí Tionscadail.
9. Tá an tAire tiomanta d'iarratais ar ráitis mhodha a leasú do thochailtí atá ar bun a phróiseáil a luaithe agus is féidir, agus ar aon chaoi tráth nach déanaí ná dhá lá oibre, ach amháin i gcás leasuithe casta.

Déanfaidh BIÉ:

1. Seandálaí Tionscadail a shannadh chun maoirsiú a dhéanamh ar ghnéithe seandálaíochta gach aon tionscadail BIÉ ó cheapadh go críoch.
2. Iarracht a dhéanamh an plean oibre bliantúil a dhéanamh do thionscadail uile BIÉ.
3. A chinntiú go mbeidh an Seandálaí Tionscadail mar bhall den fhoireann tionscadail.[4] Mar bhall den fhoireann tionscadail déanfaidh an Seandálaí Tionscadail bainistiú ar ghnéithe seandálaíochta an tionscadail agus tabharfaidh sé/sí ionchur i dtaca leis na nithe seo a leanas, inter alia:
   - pleanáil agus dearadh tionscadail,
   - sceidealú ar mhaolú seandálaíochta,
   - cláir a fhorbairt,
   - straitéisí tógála agus soláthair a fhorbairt,
   - doiciméid conartha a ullmhú,
   - Seandálaithe Comhairleacha cumasacha a cheapadh,
   - réamh-oibreacha, tógáil agus saincheisteanna féideartha oibríochta.
4. Measúnú ar impleachtaí seandálaíochta thionscadail BIÉ ó na céimeanna pleanála tosaigh lena chinntiú go dtugtar tábhacht chuí d'impleachtaí seandálaíochta agus na bealaí/roghanna is fearr á sainaithint, agus ar an gcaoi sin féachaint leis an tionchar ar shuíomhanna seandálaíochta aitheanta nó limistéir ina bhfuil acmhainneacht seandálaíochta sheanbhunaithe a íoslaghdú.
5. Éileamh gurb é/í seandálaí inniúil a bheidh ag plé leis an bpróiseas de thionchar féideartha thionscadail BIÉ ar an tseandálaíocht a aithint.
6. Cinntiú go ndéanfar fiosrú cuí, más indéanta go réasúnta, roimh thús na tógála chun an tseandálaíocht, idir aitheanta agus neamhaitheanta, a d'fhéadfadh tionscadail BIÉ dul i gcion uirthi a shainaithint.

   Sa chás nach bhfuil sé seo indéanta go réasúnta, forbrófar straitéis seandálaíochta chuí i gcomhairle leis an Aire chun maolú a dhéanamh ar na tionchair seandálaíochta atá ar eolas nó a d'fhéadfadh a bheith ann.
7. Breithniú cé acu an féidir an tseandálaíocht a chaomhnú *in situ* laistigh de theorainneacha an tionscadail.
8. Sa chás nach féidir caomhnú *in situ* a bhaint amach go réasúnta, dóthain ama a cheadú chun caomhnú a dhéanamh trí thaifead ar na fothraigh seandálaíochta uile a dtéann an tionscadal i gcion uirthi chuig leibhéal atá inghlactha don Aire.
9. An maoiniú riachtanach a sholáthar chun ceanglas (ceanglais) iarthochailte agus tuairiscithe an tionscadail a chomhlíonadh ar chaighdeán atá inghlactha don Aire.
10. Torthaí seandálaíochta thionscadail BIÉ a fhoilsiú agus/nó a scaipeadh, de réir mar is cuí.
11. Dul i gcomhairle leis an Aire ar feadh saolré gach tionscadail.

4 Chun críocha an Chóid seo tagraíonn an fhoireann tionscadail do na páirtithe atá páirteach/gafa le pleanáil, dearadh, tógáil agus oibriú ar thionscadail BIÉ.

Ról Sheandálaí Tionscadail BIÉ

Aontaíonn BIÉ go ndéanfar Seandálaí Tionscadail a shannadh le tionscadail aonair BIÉ a bhfuil impleachtaí seandálaíochta féideartha leo.

Maidir leis an Seandálaí Tionscadail:

1. Beidh sé/sí inniúil don ról.
2. Beidh sé/sí ina b(h)all den fhoireann tionscadail ó na céimeanna is luaithe ag féachaint le treoir a thabhairt maidir leis na bealaí/roghanna a roghnú agus le tioncha(i)r seandálaíochta a íoslaghdú.
3. Cinnteoidh sé/sí go mbíonn gach obair ullmhúcháin seandálaíochta a dhéantar (e.g. staidéar deisce, siúl allamuigh, trinseáil thrialach, suirbhéanna LiDAR agus airceí geoifisiceacha) i gcomhréir le treoirlínte agus dea-chleachtas.
4. Beidh sé/sí ar an bpríomhphointe teagmhála leis an Roinn don tionscadal ar son na foirne tionscadail.
5. Beidh sé/sí freagrach as gnéithe seandálaíochta an chonartha a bhainistiú.
6. Cinnteoidh sé/sí go bhfuil an Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus/nó moltaí maolaithe i gcomhréir le treoirlínte agus leis an dea-chleachtas.
7. Cinnteoidh sé/sí go ndéantar fiosruithe seandálaíochta iomchuí, más indéanta go réasúnta, roimh thosú na tógála. Sa chás nach bhfuil sé sin indéanta go réasúnta, forbrófar straitéis seandálaíochta chuí i gcomhairle leis an Aire.

Tochailt ar fhothraigh theach geata ó na meánaoiseanna, b'fhéidir, faoi Shráid Richmond, Cill na Mallach, Co. Chorcaí (Rubicon Heritage Services)

8 Cinnteoidh sé/sí go mbeidh iarratais ar Cheadanna/Treoracha ón Aire agus/nó ceadúnais seandálaíochta iomchuí agus in eagar sula gcuirfear faoi bhráid an Aire iad. Sonróidh siad seo na hamscálaí agus na hacmhainní do chur i gcrích na n-oibreacha.

9 Beidh sé/sí freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú na n-oibreacha seandálaíochta lena chinntiú go ndéantar iad de réir na ráiteas modha comhaontaithe agus na gcoinníollacha ábhartha, agus laistigh de na hamscálaí comhaontaithe.

10 Beidh sé/sí freagrach as a chinntiú go bhfuil iarratais ar ráitis mhodha a leasú déanta ar bhealach cuí chun cuidiú leis an Aire iad a phróiseáil in dhá lá oibre, seachas i gcás leasuithe casta.

11 Cinnteoidh sé/sí go ndéantar gach maolú ar chaighdeán atá inghlactha don Aire.

12 Déanfaidh sé/sí athbhreithniú agus monatóireacht ar gach costas seandálaíochta.

13 Tabharfaidh sé/sí tuairiscí rialta don Aire maidir le dul chun cinn na n-oibreacha seandálaíochta.

14 Cinnteoidh sé/sí go bhfuil gach tuarascáil seandálaíochta a chuirtear faoi bhráid an Aire i gcomhréir le treoirlínte agus leis an dea-chleachtas.

15 Cinnteoidh sé/sí go ndéanfar torthaí seandálaíochta a fhoilsiú agus/nó a scaipeadh de réir mar is cuí.

Scrúduithe seandálaíochta lasmuigh de Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath do scéim thraschathrach Luas (Irish Times)